RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/131 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne, agus lena gcuirtear allmhairí feisteas feadáin nó píobáin theilgthe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir faireacháin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([2]), agus go háirithe Airteagal 56(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 ([3]) ón gCoimisiún, d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí feisteas feadáin nó píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, cé is moite de bhunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13 agus comhchumair chiorclacha shnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín a bheith orthu, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") agus na Téalainne ("an táirge lena mbaineann").

(2) Is iad drámh-mhiotal, cóc/leictreachas/gás, gaineamh (le haghaidh múnlú) agus sinc (le haghaidh galbhánú) na príomh-amhábhair ionchuir don táirge lena mbaineann. Leá an drámh-mhiotail is ea an chéad chéim den phróiseas monaraíochta. Ina dhiaidh sin, cuirtear an próiseas múnlaithe i gcrích maille le cruthanna éagsúla a theilgean a dhéantar a scaradh ansin ina gcodanna aonair. Ní mór na táirgí a chur trí phróiseas aineálta fada chun a áirithiú go bhfuil siad intuargainte go leor lena n-úsáid i bhfeidhmeanna ina dteastaíonn friotaíocht in aghaidh suaití agus tonnchreathanna, cuir i gcás agus i bhfeidhmeanna a sheasann aon athrú tapa ar an teocht freisin. Ina dhiaidh sin, is féidir na feistis a ghalbhánú. Cuirtear na céimeanna monaraíochta deiridh i gcrích ansin, lena n-áirítear an snáithiú agus an meaisíniú eile.

(3) De réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259, tá an táirgeoir onnmhairiúcháin Síneach Jinan Meide Casting Co., Ltd ("Jinan Meide"), cód breise TARIC ([4]) B336, faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 ón gCoimisiún.

(4) Le linn 2021 agus 2022, chuir tionscal an Aontais le haghaidh an táirge chomhchosúil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir le héadáil Odlewnia Zawiercie S.A., táirgeoir an táirge chomhchosúil atá lonnaithe sa Pholainn, ag Meide Group Co., Ltd. ("Meide Group"), cuideachta atá bunaithe sa tSín.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin snáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téalainne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 197, 25.7.2019, lch. 2).
([4]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

(5) De réir faisnéis phoiblí, d'fhormheas na húdaráis náisiúnta inniúla ([5]) an t-idirbheart agus cuireadh i gcrích é ([6]) ina dhiaidh sin.

(6) Tá Meide Group gníomhach i dtáirgeadh agus i ndíol an táirge lena mbaineann, i measc táirgí eile. Ina theannta sin, tá Meide Group i mbun allmhairiú agus onnmhairiú a chuid táirgí féin agus táirgí tríú páirtithe freisin ([7]). Tá an táirge lena mbaineann arna onnmhairiú ag Meide Group ón tSín chuig an Aontas faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259.

(7) Is cuideachtaí gaolmhara iad Meide Group agus Jinan Meide.

(8) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur ghá na cóid TARIC ábhartha a athrú tar éis chur i gcrích an idirbhirt chun gurbh fhearr ab fhéidir faireachán a dhéanamh ar na hallmhairí, ar na cúiseanna seo thíos.

(9) Faoi láthair tá an táirge lena mbaineann faoi chód na hAinmníochta Comhcheangailte ("AC") ex 7307 19 10 (cóid TARIC 7307 19 10 10 agus 7307 19 10 20).

(10) Chomh maith leis na cóid TARIC atá faoi réir beart, áirítear sa chód TARIC iarmharach 7307 19 10 90 roinnt táirgí, ina measc an dá tháirge a eisiatar go sainráite ó shainmhíniú táirge an táirge lena mbaineann (i.e. bunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13 agus comhchumair chiorclacha shnáithithe d'iarann teilgthe intuargainte gan claibín a bheith orthu) agus feistis feadáin nó píobáin theilgthe neamhshnáithithe freisin.

(11) An chéim dheireanach de mhonaraíocht an táirge lena mbaineann is ea an snáithiú. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí feistis feadáin nó píobáin theilgthe atá neamhshnáithithe agus leathchríochnaithe a allmhairiú isteach san Aontas faoin gcód TARIC iarmharach, ar cód é nach bhfuil feidhm ag na bearta frithdhumpála maidir leis, agus d'fhéadfaí iad a chur faoin bpróiseas snáithithe laistigh den Aontas ansin.

(12) Mheas an Coimisiún nach leordhóthanach na sonraí a d'fhéadfaí a aisghabháil ó struchtúr an chóid TARIC atá ann faoi láthair chun faireachán a dhéanamh ar shreafaí allmhairí feisteas feadáin nó píobáin theilgthe neamhshnáithithe ón tSín, toisc go bhfuil siad measctha faoi láthair le líon ard na dtáirgí a thagann faoin gcód TARIC iarmharach 7307 19 10 90.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart na cóid TARIC faoi chód AC ex 7307 19 10 a athstruchtúrú ina dtáirgí snáithithe (cóid TARIC 7307 19 10 03, 7307 19 10 05, 7307 19 10 10, 7307 19 10 13, 7307 19 10 20, 7307 19 10 30), nó ina dtáirgí neamhshnáithithe (cóid TARIC 7307 19 10 35, 7307 19 10 40, 7307 19 10 45). Thairis sin, i gcás táirgí snáithithe agus neamhshnáithithe araon, ba cheart a shonrú cé acu atá déanta d'iarann teilgthe intuargainte (cóid TARIC 7307 19 10 10 agus 7307 19 10 35 faoi seach), d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí (cóid TARIC 7307 19 10 20 agus 7307 19 10 40 faoi seach) nó d'ábhair eile (cóid TARIC 7307 19 10 30 agus 7307 19 10 45 faoi seach). Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis na feistis feadáin nó píobáin shnáithithe d'iarann teilgthe intuargainte agus d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí, ba cheart cóid TARIC nua sonracha a chruthú le haghaidh na dtáirgí a eisiatar go sainráite ó shainmhíniú táirge an táirge lena mbaineann, mar atá bunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13, d'iarann teilgthe intuargainte (cód TARIC 7307 19 10 03), comhchumair chiorclacha shnáithithe d'iarann intuargainte gan claibín a bheith orthu (cód TARIC 7307 19 10 05) agus bunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13, d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí (cód TARIC 7307 19 10 13).

(14) Níl aon athrú ar na cóid TARIC a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo — cóid TARIC 7307 19 10 10 agus 7307 19 10 20 — agus níor cheart ach an tuairisc a nuashonrú go "Eile" chun comhsheasmhacht leis an struchtúr TARIC nua a áirithiú.

([5]) Féach https://uokik.gov.pl/news.php?news_id=17989 agus Cinneadh DKK-83/2022 an 16 Márta 2022, ar fáil ag: https://uokik.gov.pl/koncentracje.php?news_id=17397.

([6]) Féach bunachar Orbis M&A agus https://globallegalchronicle.com/meide-groups-acquisition-of-odlewnia-zawiercie/ araon.

([7]) Féach Cinneadh DKK-83/2022, cit.

(15) Leis an struchtúr TARIC nua sin, beidh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh ar bhealach leordhóthanach ar fhorbairt na n-allmhairí feisteas feadáin nó píobáin theilgthe ón tSín, go háirithe sreafaí na n-allmhairí feisteas feadáin nó píobáin theilgthe neamhshnáithithe ón tSín, ar táirgí iad nach bhfuil faoi réir na mbeart frithdhumpála, i gcomparáid le hallmhairí an táirge lena mbaineann atá faoi réir bearta frithdhumpála. Chun a áirithiú go mbeidh na sonraí ar fáil, beidh allmhairí feisteas feadáin nó píobáin theilgthe ón tSín faoi réir faireacháin.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 agus le tuairim Choiste an Chóid Custaim a bunaíodh le hAirteagal 285 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1259 ón gCoimisiún:

"6. Cruthófar na cóid agus na tuairiscí TARIC nua seo a leanas do na táirgí a shonraítear:

	- - - - Snáithithe
	- - - - - d'iarann teilgthe intuargainte
7307 19 10 03	- - - - - - Bunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13
7307 19 10 05	- - - - - - Comhchumair chiorclacha gan claibín a bheith orthu
	- - - - - d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí
7307 19 10 13	- - - - - - Bunpháirteanna feisteas comhbhrú ina n-úsáidtear snáithe méadrach ISO DIN 13
7307 19 10 30	- - - - - Eile
	- - - - Neamhshnáithithe
7307 19 10 35	- - - - - d'iarann teilgthe intuargainte
7307 19 10 40	- - - - - d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí
7307 19 10 45	- - - - - Eile

7. Sannfar na tuairiscí nua seo a leanas do na cóid TARIC a shonraítear anseo:

7307 19 10 10	- - - - - - Eile
7307 19 10 20	- - - - - - Eile"

Airteagal 2

Allmhairí faoi na cóid TARIC a luaitear in Airteagal 1, nó aon chód comhfhreagrach a bheidh ann amach anseo, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, beidh siad faoi réir faireacháin chun gur féidir leis an gCoimisiún treochtaí staidrimh a bhaineann le hallmhairí feisteas feadáin nó píobáin theilgthe a leanúint, i gcomhréir le hAirteagal 56(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN